



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

## CEIMIC – ARDLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT, 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

400 MARC

Freagair **ocht** gceist ar fad.

**Ní mór dhá** cheist ar a laghad a fhreagairt as **Roinn A**.

Tá gach ceist ar cómharc (50).

**Ba chóir an t-eolas thíos a úsáid san áireamh agat.**

Maiseanna adamhacha coibhneasta: H = 1, C = 12, N = 14, O = 16, Na = 23, S = 32,  
K = 39, Cr = 52, I = 127

Toirt mhólarach ag t.b.c. = 22.4 lítear

Tairiseach Avogadro =  $6.0 \times 10^{23}$  mol<sup>-1</sup>

Toradh ianach an uisce,  $K_w = 1.0 \times 10^{-14}$  mol<sup>2</sup> l<sup>-2</sup> ag 25 °C

**Tá cead agat úsáid a bhaint as an leabhrán *Foirmí agus Tábláí* atá faofa lena n-úsáid sna Scrúduithe Stáit. Is féidir cóip a fháil ó fheitheoir an scrúdaithe.**

## Roinn A

Freagair dhá cheist ar a laghad as an roinn seo [féach na treoracha iomlána ar leathanach 1].

1. Chaill baisc de chriostail sóid níocháin (carbónáit sóidiam hidráitithe,  $\text{Na}_2\text{CO}_3 \cdot x\text{H}_2\text{O}$ ) cuid dá huisce criostalúcháin i bpróiseas ar a dtugtar plúrú. Iarradh ar cheimiceoir an céatadán d'uisce criostalúcháin sna criostail a aimsiú chomh maith le luach  $x$ , meánlón na móilíní uisce san fhoirmle.





Rinneadh sampla de na criostail a mheá go cruinn agus fuarthas amach go raibh mais 2.50 g ann. Tuaslagadh an sampla in uisce dí-ianaithe agus méadaíodh toirt an tuaslagáin go dtí 250 cm<sup>3</sup>. Rinneadh líon áirithe de chodanna 25.0 cm<sup>3</sup> den tuaslagán seo a thoirtmheascadh le tuaslagán 0.10 M d'aigéad hidreaclórach (**HCl**) a bhí caighdeánaithe roimh ré. Ba é an mheántoirt den tuaslagán d'aigéad hidreaclórach a bhí ag teastáil chun an críochphointe a shroicheadh ná 21.6 cm<sup>3</sup>.

Is é an chothromóid chothromaithe don imoibriú toirtmheasctha ná:




- (a) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi. (5)
- (b) Déan cur síos go mion ar conas ba chóir don cheimiceoir an sampla meáite de chriostail sóid níocháin a thuaslagadh agus toirt an tuaslagáin a mhéadú go cruinn go dtí 250 cm<sup>3</sup>. (12)
- (c) Luaigh réamhchúram **amháin** ba chóir a dhéanamh nuair a bhíothas ag druidim le críochphointe an toirtmheasctha.  
Mínigh conas a chabhródh an réamhchúram seo leis an gcruinneas i dtoradh an toirtmheasctha. (6)
- (d) Ainmnigh táscaire oiriúnach don toirtmheascadh seo.  
Luaigh an t-athrú datha i bhfleascán an toirtmheasctha ag an gcríochphointe. (9)
- (e) Ó meántoirt an tuaslagáin d'aigéad hidreaclórach, ríomh tiúchan na carbónáite sóidiam ( $\text{Na}_2\text{CO}_3$ ) sa tuaslagán bunaidh (i) ina móil in aghaidh an lítr, (ii) ina graim in aghaidh an lítr. (9)
- (f) Ríomh an céatadán d'uisce criostalúcháin sna criostail agus luach  $x$ , meánlón na móilíní uisce san fhoirmle  $\text{Na}_2\text{CO}_3 \cdot x\text{H}_2\text{O}$ . (9)

Léaráidí do Cheist 2

Céim 1 Aife	Céim 2 Driogadh	Céim 3 Scinceáil	Céim 4 Scagachán
			

2. D'ullmhaigh mac léinn sampla gallúnaí i saotharlann na scoile. Rinneadh an turgnamh sna ceithre chéim a léirítear ar an leathanach roimhe seo. Ag Céim 1 d'úsáid an mac léinn dabhach uisce agus, ar feadh thart ar 20 nóiméad, rinne sé aife ar 4.45 g de thrístearáit ghlicrile (sailí ainmhíoch) mar aon le farasbarr de phiollairí hidrocsaíd sóidiam, ábhar frithphreabarnaí agus thart ar  $30\text{ cm}^3$  d'eatánól. Tharla an t-imoiibriú a thaispeántar sa chothromóid chothromaithe seo a leanas.



Ansin ligeadh don ghaireas fuarú agus leagadh amach arís é do Chéim 2, driogadh, inar baineadh úsáid as dabhach uisce arís. I ndiaidh an driogtha, scinceáladh nó níodh a raibh i bhfleascán an driogtha isteach in easra ina raibh síle – Céim 3. Baineadh úsáid as scagachán i gCéim 4 chun an ghallúnach a aonrú, agus ansin níodh go han-mhaith í.

- (a) Cén aidhm atá leis an aife i gCéim 1 den ullmhúchán? (8)  
Ainmnigh an saghas imoibrithe a tharla i rith na céime seo.
- (b) Cén tsubstaint a baineadh as trí dhriogadh i gCéim 2? (3)
- (c) Mínigh an fheidhm a bhí ag an tsáile i gCéim 3. (6)
- (d) Cén fáth a raibh sé riachtanach an ghallúnach a ní go han-mhaith i gCéim 4? (6)  
Conas ba chóir don mhac léinn an ghallúnach a ní?
- (e) Tarraing an struchtúr, *nó* tabhair an t-ainm, ar chomhtháirge an imoibrithe. (9)  
Cá raibh an comhtháirge suite ag deireadh an phróisis?
- (f) Ó bhí farasbarr den hidrocsaíd sóidiam ann, ríomh táirgeadh uasta na gallúnaí, ina ghráim, a d'fhéadfaí a fháil san ullmhúchán seo. (12)
- (g) Agus tagairt á dhéanamh dá struchtúr, mol conas is féidir le gallúnach mar stéaráit sóidiam na holaí neamhpholacha *agus* na salainn ianacha araon in allas as an geraiceann a thuslagadh. (6)

3. Rinneadh turgnamh mar seo a leanas chun fiosrú a dhéanamh ar iarmhaint na teochta ar ráta an imoibrithe idir tuaslagán 0.05 M de thiasulfait sóidiam agus farasbarr de thuaslagán 3 M d'aigéad hidreaclórach. Cuireadh amadóir ar siúl nuair a cuireadh  $5\text{ cm}^3$  den aigéad le  $100\text{ cm}^3$  den tuaslagán de thiasulfait sóidiam i bhfleascán cónlíl agus fuarthas luach don am a thóg sé ar an imoibritú céim inbhraite airithe a bhaint amach. Tóghadh deilín an ama seo (1/am) mar garthomhas de ráta tosaigh an imoibrithe. Rinneadh sin arís ag líon airithe de theochtaí difriúla. Sa tábla thíos taispeántar na teochtaí agus a gcuid amanna imoibrithe is rátaí comhfhereagracha.

- (a) Mínigh an téarma *ráta imoibrithe*. (5)
- (b) (i) Déan cur síos *agus* tabhair míniú ar an athrú a breathnaíodh sa fhleascán cónlíl i rith an imoibrithe. (12)
- (ii) Déan cur síos ar conas a úsáideadh an t-athrú a breathnaíodh chun na hamanna imoibrithe a fháil. (12)
- (c) Tarraing graf den ráta imoibrithe (1/am) *in aghaidh* na teochta. (12)
- (d) Déan cur síos *agus* tabhair míniú ar an gcoibhneas a thaispeántar i do ghráf idir an ráta imoibrithe agus an teocht. (9)
- (e) Bain úsáid as do ghráf chun an luach ar an am imoibrithe ag  $35\text{ }^\circ\text{C}$  a fháil. Bíodh do fhreagra ceart go dtí an soicind is gaire. (6)
- (f) Cén iarmhaint a bheadh aige ar na hamanna imoibrithe dá ndéanfaí an turgnamh arís agus tuaslagán 0.025 M de thiasulfait sóidiam á úsáid? Cosain do fhreagra. (6)

teocht ( $^\circ\text{C}$ )	am (s)	1/am ( $\text{s}^{-1}$ )
0	976	0.001
12	485	0.002
23	182	0.005
30	99	0.010
39	53	0.019
47	33	0.030
57	20	0.050

## Roinn B

[Féach leathanach 1 maidir le líon na gceisteanna atá le freagairt.]


4. Freagair **ocht** gcinn de na míreanna seo a leanas (a), (b), (c), etc. (50)

- (a) Cén dath a bhreathnaítear i dtástáil lasrach (i) ar shalann bairiam, (ii) ar shalann litiam?
- (b) Déan cur síos ar an struchtúr atá ar shamhail ‘mharóg plumaí’ an adaimh ag Thomson.
- (c) Scríobh cothromóid núicléach chothromaithe do mheath béite-cháithnín an núicléis  $^{223}_{87}\text{Fr}$ .
- (d) Is é an t-eoláí sa phictiúr ar dheis ná Werner Heisenberg.  
Luaigh an prionsabal cáiliúil, a foilsíodh i 1927, a bhfuil a ainm air.
- (e) Cé mhéad (i) nasc sigme, (ii) nasc pí, a tharlaíonn dá bharr comhroinnt fiúsleictreon idir na hadaimh i móilín nítrigine?
- (f) Cad is brí le *mól amháin* de shubstaint?
- (g) Faigh foirmle eimpíreach comhdhúile ina bhfuil 40% sulfair agus 60% ocsaigine, de réir maise.
- (h) Cuirtear iaidíd photaisiam (**KI**) le salann mín uaireanta chun réim bia atá íseal in ian iaidíd (**I**) a fhorlónadh. Ríomh an mhais laethúil d’iaidíd photaisiam a bhíonn ag teastáil chun 0.15 mg d’ian iaidíd a sholáthar, i.e. an Méid Laethúil atá Molta (RDA i mBéarla) chun go mbeadh tíoróideach an duine ag feidhmiú go normalach.
- (i) Tabhair **dhá** ghné struchtúracha de hidreacarbóin a bhfuil uimhreacha ochtán arda acu.
- (j) Luaigh **dhá** phróiseas a dhéantar le linn cóireáil phríomhúil camrais.
- (k) Freagair cuid A nó cuid B.

A Tabhair **dhá** úsáid a bhaintear as an ngás ocsaigine a tháirgtear i gcodánúchán aeir leachtaigh.

*nó*

B Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hanóidiú alúmanaim.



5. (a) Ainmnigh an t-eolaí a bhfuil a chuid oibre ar leibhéal fuinnimh san adamh hidrigine léirithe san íomhá (*Google doodle*) ar dheis.

Idirdhealaigh idir na téarmaí *leibhéal fuinnimh* agus *fithiseán adamhach*.



Scríobh cumraíocht na leictreón (*s, p*) d’adamh sileacain a thaispeánann dáileadh na leictreón i bhfithiseáin adamhacha sa bhunstaid.

Uайд sin, luaigh cé mhéad (i) príomhleibhéal fuinnimh, (ii) fithiseán adamhach, a bhíonn á sealbhú san adamh sileacain ina bhunstaid.

- (b) Sainmhínigh *fuinneamh céadianúcháin*.


Mínigh cén fáth a bhfuil luach an fhuinnimh chéadianúcháin ag sileacan

- (i) níos mó ná luach an fhuinnimh chéadianúcháin ag alúmanaim,
- (ii) níos lú ná luach an fhuinnimh chéadianúcháin ag carbón.

- (c) Sa ghraf ar dheis taispeántar na fuinnimh ianúcháin chomhleantacha ag sileacan.

Mínigh conas a thugann an graf fianaise le leibhéal fuinnimh san adamh sileacain.

Cén fianaise thurgnamhach eile atá againn le leibhéal fuinnimh a bheith in adaimh?



6. Is é a bhíonn sa breosla i gceanastair de ghás campála, cosúil leis an gceann sa phictiúr ar dheis, ná meascán leachtaithe de phrópán agus de bhútán chomh maith le comhdhúil eile atá ina isiméir struchtúrach de bhútán.

(a) Ainmnigh an tsraith homalógach a mbaineann própán agus bútán léi.

Tarraing foirmle struchtúrach an phrópáin. (8)

(b) Tá pointe fiuchaidh de  $-42.1\text{ }^{\circ}\text{C}$  agus  $-0.5\text{ }^{\circ}\text{C}$ , faoi seach, ag própán agus bútán.

Mínigh cén fáth a bhfuil pointe fiuchaidh níos ísle ag própán ná ag bútán. (6)

(c) (i) Cad atá i gceist nuair a deirtear gur *isiméirí structúracha* iad comhdhúile?

(ii) Tarraing foirmle struchtúrach an isiméir de bhútán. (12)

(d) Sainmhínigh *teas dócháin*.

Scríobh an chothromóid chothromaithe do dhóchán ionlán bútán i soláthar imleor d'ocsáigin.

Ríomh an teas dócháin ag bútán, ag cur san áireamh gurb é teas déanmhaíochta dé-ocsáid


charbón, uisce agus bútán ná  $-393.5, -285.8$  agus  $-125.7\text{ kJ mol}^{-1}$ , faoi seach. (24)



7. Is aigéad lag é aigéad nítriúil ( $\text{HNO}_2$ ) atá éasca a ocsáidiú ina aigéad láidir, aigéad nítreach ( $\text{HNO}_3$ ).

(a) Idirdhealaigh idir *aigéad láidir* agus *aigéad lag*, de réir theoríic Brønsted-Lowry. (8)

(b) Díthiomsaíonn aigéad nítriúil in uisce mar seo a leanas:



Sainaithin an dá shubstaint a ghníomhaíonn mar bhunanna sa chothromaíocht seo. (6)

(c) Sainmhínigh pH.

Is é pH tuaslagán 0.2 M d'aigéad nítriúil ná 2.0 ag teocht  $25\text{ }^{\circ}\text{C}$ .

Ríomh tiúchan na n-ian  $\text{H}_3\text{O}^+$  sa tuaslagán seo ina móil in aghaidh an lítr.

Mínigh go soiléir conas a dhearbhaíonn tiúchan seo na n-ian  $\text{H}_3\text{O}^+$  gur aigéad *lag* é aigéad nítriúil.

Cén tiúchan d'aigéad nítreach a mbeadh an tiúchan céanna d'iain  $\text{H}_3\text{O}^+$  inti?

Ríomh tiúchan na n-ian  $\text{OH}^-$  sna tuaslagán aigéadach seo araon. (18)

(d) Bíonn an t-ian níotráit ( $\text{NO}_3^-$ ) in aigéad nítreach agus ina shalaínn.

Déan cur síos mion ar conas a d'fhéadfá tástáil do láithreacht an ainiain níotráit i dtuaslagán uiscí. (12)

(e) Mínigh conas is féidir laghdú sa toilleadh ocsaigine tuaslagtha i locha agus in aibhneacha a bheith mar thoradh ar leibhéal arda níotráite. (6)

8. Freagair na ceisteanna seo a leanas agus tú ag tagairt do na hidreacarbón A, B agus C thíos.



A



B



C

(a) Tabhair an t-ainm IUPAC atá ar chomhdhúil B agus tarraing a foirmle struchtúrach. (5)

(b) Tarraing léaráid lipéadaithe chun a thaispeáint conas is féidir sampla de chomhdhúil A a ullmhú agus a bhailiú i saotharlann na scoile. (12)

(c) Déan cur síos ar tháståil cheimiceach chun idirdhealú a dhéanamh idir shamplaí de na chomhdhúile B agus C. (9)


(d) Imoibríonn hidreacarbón C le gás clóirín ( $\text{Cl}_2$ ) i láthair solas ultraivialait.

(i) Ainmnigh an saghas meicníochta trína dtarlaíonn an t-imoibriú seo.

(ii) Déan cur síos mion ar mheicníocht an imoibrithe seo.

(iii) Mínigh go soiléir conas is fianaise leis an meicníocht í láithreacht hidreacarbón eile i meascán na dtáirgí. (24)

9. Breathnaigh ar an imoibriú inchúlaithe seo a leanas



ina bhfuil luach 20.25 ar thairiseach na cothromaíochta ( $K_c$ ) ag teocht ard áirithe  $T$ .

(a) Scríobh slonn an tairisigh chothromaíochta don imoibriú. (5)

(b) Ríomh líon na mól de ghás nítrigine ( $\text{N}_2$ ) sa mheascán imoibrithe i gcothromaíocht nuair a dhianscaoileann sampla 2 mhól d'aonocsaíd nítrigine ina ghás nítrigine agus ina ghás ocsaigine i soitheach dúnta ag teocht  $T$ . (12)

(c) Breac síos *prionsabal Le Châtelier*. (6)

Cén iarmhaint a bheadh ag méadú (i) sa teocht, (ii) sa bhrú, má bhíonn aon iarmhaint ann, ar an luach  $K_c$  don imoibriú seo?

Cosain do fhreagra sa dá chás. (12)

(d) Tá an t-imoibriú seo ar cheann de na himoibrithe a tharlaíonn i dtiontairí catalaíocha a chuirtear le sceithphíopaí cairr. Ós rud é nach mbíonn na gáis sceite i dtiontaire catalaíoch an chairr ach ar feadh tréimhse an-ghearr (0.1 – 0.4 soicind), caithfidh an ráta imoibrithe a bheith an-ard.

Ainmnigh dhá cheann de na miotail a úsáidtear mar chatalaigh i dtiontairí catalaíocha.

Cén saghas catalaithe a tharlaíonn?


Tabhair slí **amháin** a ndéanann na catalaigh méadú ar ráta an imoibrithe.

Ainmnigh substaint a d'fhéadfadh 'nimh' a chur i gcatalaigh an tontaire chatalaíoch. (15)

---

10. Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b) agus (c). (2 × 25)

(a) Déan staidéar ar an scéim imoibrithe thíos agus freagair na ceisteanna a leanann í agus tú ag tagairt do na comhdhúile **X**, **Y** agus **Z**, a bhfuil dhá adamh carbóin ina móilíní ag gach ceann acu.



(i) Tabhair úsáid fhorleathan a bhaintear as comhdhúil **Z**. (4)

(ii) Tarraing struchtúr aildéad **Y** agus taispeáin an nascadh idir na hadaimh. (6)

(iii) Tarraing foirmle struchtúrach an eistir a dhéantar as comhdhúile **X** agus **Z**.  
Sainaithin adamh carbóin ar bith san eistear seo atá i gcéimseata phlánach. (9)

(iv) Conas is féidir aildéad **Y** a dhí-ocsáidiú ina alcól **X**? (6)

(b) Sainmhínigh (i) maisuimhir, (ii) mais adamhach choibhneasta. (9)

Trí cinn de na cúig phróiseas bhunúsacha a tharlaíonn sa mhais-speictriméadracht ná *brath*, *luasghéarú* agus *galú substainte*.

Cad iad an dá phróiseas bhunúsacha eile a tharlaíonn sa mhais-speictriméadracht? (6)

Liostaigh na cúig phróiseas go léir san ord ina dtarlaíonn siad. (3)

Tá sampla den dúil gailliam comhdhéanta as 60.1% gailliam–69 agus 39.9% gailliam–71.

Ríomh mais adamhach choibhneasta an ghailliam ón eolas seo. (7)

(c) Sainmhínigh ocsáidiú i dtéarmaí (i) traschur leictreon, (ii) athrú san uimhir ocsáidiúcháin. (6)

Bain úsáid as uimhreacha ocsáidiúcháin chun (iii) an t-ocsáideoir, (iv) an dí-ocsáideoir, a shaináithint san imoibriú seo a leanas.



Uайдh sin, nó ar mhodh eile, cothromáigh an chothromóid. (7)

11. Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b) agus (c). (2 × 25)

- (a) Sainmhínigh *leictridhiúltacht*. (6)

Is móilíní beaga iad amóinia ( $\text{NH}_3$ ) agus siolán ( $\text{SiH}_4$ ), a bhfuil ceithre leictreondís i bhfiús-sceall an adaimh lárnaigh ag gach ceann acu.

Tabhair míniú ar an difríocht idir an nascuillinn sa dá mhóilín,  $107.3^\circ$  in amóinia agus  $109.5^\circ$  i siolán. (6)

Bain úsáid as luachanna leictridhiúltachta chun a fháil amach cé acu nasc is poláí, an nasc N–H in amóinia nó an nasc Si–H i siolán. (3)

Cé acu ceann den dá shubstaint ina bhfuil nascadh hidrigine idir a móilíní? Cosain do fhreagra. (6)

Tabhair an chúis ar féidir le móilín ina bhfuil naisc pholacha a bheith neamhpholach. (4)

- (b) Nuair a dhéantar criostail de dhéchrómáit amóiniam [ $(\text{NH}_4)_2\text{Cr}_2\text{O}_7$ ] a théamh go láidir, dianscaoileann siad go hiomlán de réir na cothromóide cothromaithe seo a leanas.



Nuair a téadh 12.6 g de na chriostail seo go láidir, ríomh

- (i) an líon mól de dhéchrómáit amóiniam a d'imoibhrigh, (6)
- (ii) an mhais d'ocsaíd chróimiam(III) ( $\text{Cr}_2\text{O}_3$ ) a rinneadh, (6)
- (iii) an toirt ag t.b.c. de ghás nítrigine a gineadh, (6)
- (iv) líon na móilíní uisce a táirgeadh.

Cé mhéad adamh a bhí sa chainníocht seo uisce? (7)

- (c) Freagair cuid A *nó* cuid B.

### A

Meastar anois gurb é líon na ndaoine ar domhan ná  $7 \times 10^9$  agus meastar go méadóidh sé go dtí idir 8.3 agus 10.9 billiún faoi 2050. Tá na leibhéal de thruailliú an aeir ag fás mar iarmhaint dhíreach ar an daonra domhanda a bheith ag méadú. Léiriú amháin ar thruailliú aeir is ea an feiniméan ‘báisteach aigéadach’.

Deir an EPA (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) i dtuarascáil i 2012 go bhfuil ‘cáilíocht an aeir in Éirinn ar chaighdeán ard ar fud na tíre agus ar na cáilíochtaí is fearr san Eoraip’.


- (i) Cén fáth a mbíonn uisce báistí aigéadach i gcónai, fiú san áit nach bhfuil truailliú san aer? (4)
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá iarmhaint dhíobhálacha ar an gcomhshaoil a bhaineann le ‘báisteach aigéadach’. (6)
- (iii) Bain úsáid as cothromóidí chun a thaispeáint conas a thagann ‘báisteach aigéadach’ de bharr dé-ocsaíd sulfair san atmaisféar. (9)
- (iv) Conas a chuireann gníomhaíocht an duine le méadú na leibhéal dé-ocsaíd sulfair san atmaisféar? (3)
- (v) Mol cúis le cáilíocht aeir na hÉireann a bheith ar chaighdeán ard. (3)

### *nó*

### B

Rangaítear mórán ábhar soladach mar chriostail ianacha, mhóilíneacha, chomhfhíúsacha nó mhiotalacha. Is minic is féidir a n-airíonna a mhíniú i dtéarmaí struchtúir a geriostal.

- (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi. (7)
- (ii) Is graifít (measctha le cré) í le firinne an ‘luaidhe’ i bpinn luaidhe. Is foirm chriostalta í graifít den dúil carbón. Taispeántar cuid de struchtúr na graifite. Déan cur síos ar conas a fhágann an nascadh i ngraifít gur féidir í a úsáid sa scríbhneoireacht nó mar bhealaitheoir. (6)
- (iii) Is foirm chriostalta eile de carbón eiliminteach é diamant, an tsubstaint is crua a tharlaíonn go nádúrtha. Déan tagairt do struchtúr a chriostal chun míniú a thabhairt ar chruas an diamaint. (6)
- (iv) Mínigh cén fáth gur seoltóirí iontacha leictreachais iad miotail go minic. (6)



# Leathanach Bán